Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Eanáir 2021
(OR. en)

13255/1/20
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0219 (APP)

GAF 66
FIN 889
CADREFIN 390

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leathnaítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) …/…+ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 ('clár Pericles IV') go dtí na Ballstáit neamh-rannpháirteacha |

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS …(2018/0194(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

**RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**lena leathnaítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) …/…[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 ('clár Pericles IV') go dtí na Ballstáit neamh-rannpháirteacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 352 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS …(2018/0194(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

[1] Toiliú an .. (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) …/…[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], bunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh ('clár Pericles IV'), atá infheidhme sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí. In Airteagal 139 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déantar foráil nach mbeidh feidhm ag na bearta a rialaíonn úsáid an euro dá dtagraítear in Airteagal 133 den Chonradh sna Ballstáit a bhfuil maolú acu.

(2) Ba cheart an malartú faisnéise agus foirne agus na bearta cúnaimh agus oiliúna a chuirtear chun feidhme faoi chlár Pericles IV a bheith aonfhoirmeach ar fud an Aontais, áfach. Ba cheart, dá bhrí sin, na bearta is gá a dhéanamh chun an leibhéal céanna cosanta a áirithiú don euro sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar a n-airgeadra oifigiúil acu.

(3) Chun an leanúnachas a áirithiú sa tacaíocht a sholáthraítear sa réimse beartais ábhartha, agus chun go bhféadfar tosú ar chur chun feidhme chlár Pericles IV ó thús Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige, le héifeacht chúlghabhálach, ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS …(2018/0194(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

[1] Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (clár 'Pericles IV') (IO L, …, lch.).

*Airteagal 1*

Déanfar cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. …/…[+] a leathnú chuig Ballstáit seachas na Ballstáit rannpháirteacha mar a shainítear i bpointe (a) d'Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle[1].

Measfar eintitis ó na Ballstáit sin a bheith incháilithe do chistiú nuair is údaráis inniúla iad de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. …/…[+].

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS … (2018/0194(COD)).

[1] Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle an 3 Bealtaine 1998 maidir le tabhairt isteach an euro (IO L 139, 11.5.1998, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*